Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 4 Nollaig 2023
(OR. en)

15880/23

LIMITE

ENER 634
RELEX 1374
COEST 635
COWEB 151

PUBLIC

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0395 (NLE)**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhairle Aireachta an Chomhphobail Fuinnimh a thionólfar i Vín na hOstaire, an 14 Nollaig 2023 |

**CINNEADH (AE) 2023/...ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh**
**thar ceann an Aontais Eorpaigh**
**i gComhairle Aireachta an Chomhphobail Fuinnimh**
**a thionólfar i Vín na hOstaire, an 14 Nollaig 2023**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 194(1), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinne an tAontas Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a thabhairt i gcrích trí bhíthin Chinneadh 2006/500/CE ón gComhairle an 29 Bealtaine 2006[1] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Iúil 2006.

(2) De bhun Airteagal 47 de Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh, tá an Chomhairle Aireachta le Bearta a ghlacadh, ar bearta iad, de bhun Airteagal 76 den Chonradh sin, a d'fhéadfadh a bheith i bhfoirm Cinnidh nó i bhfoirm Moladh.

(3) Glacfaidh an Chomhairle Aireachta, le linn an 21ú seisiún a bheidh aici an 14 Nollaig 2023, roinnt gníomhartha, atá i gceangal leis an gCinneadh seo, a thagann faoi raon feidhme Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus a vótálfaidh ionadaithe an Aontais ina leith.

(4) Is é is cuspóir do na gníomhartha atá beartaithe baint amach chuspóirí Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh a éascú.

(5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Aireachta maidir le gníomhartha atá i gceangal leis an gCinneadh seo a shuí, ós rud é go mbeidh éifeachtaí dlíthiúla don Aontas ag na gníomhartha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

[1] Cinneadh 2006/500/CE ón gComhairle an 29 Bealtaine 2006 maidir le Conradh an Chomhphobail Fuinnimh á thabhairt i gcrích ag an gComhphobal Eorpach (IO L 198 , 20.7.2006, lch. 15).



PUBLIC

*Airteagal 1*

1. An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa 21ú seisiún den Chomhairle Aireachta a thionólfar i Vín na hOstaire, an 14 Nollaig 2023, maidir leis na saincheisteanna a thagann faoi raon feidhme Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, is é atá ann glacadh na ngníomhartha atá i gceangal leis an gCinneadh seo a fhormheas.

2. Féadfaidh an Coimisiún teacht ar chomhaontú maidir le mionathruithe ar na gníomhartha atá i gceangal leis an gCinneadh seo, i bhfianaise tuairimí ó Pháirtithe Conarthacha an Chomhphobail Fuinnimh ag an gComhairle Aireachta nó roimpi sin, gan cinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC